

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/126 ÓN gCOIMISIÚN
an 28 Eanáir 2021

ainm a chlárú i gclár na sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásca geografacha faoi chosaint
“Rudarska greblica” (TGFC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ⁽¹⁾, go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, foilsíodh an iarraidh ar an ainm “Rudarska greblica”, a thíolaic an Chróit, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ós amhlaidh nár tugadh aon fhógra faoi ráiteas agóide don Choimisiún, ba cheart an t-ainm “Rudarska greblica” a chlárú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an t-ainm “Rudarska greblica” (TGFC) cláraithe anois.

An t-ainm a luaitear sa chéad mhír is ainm sainiúil é ar tháirge de chuid aicme 2.3. Táirgí báicéara, táirgí taosráin, milseogra agus brioscaí in Iarscríbhinn XI de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ⁽³⁾.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

⁽²⁾ IO C 309, 18.9.2020, lch. 17.

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).